Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8548/26**

**COPS 234**
**CFSP/PESC 571**
**CSDP/PSDC 250**
**PSC DEC 17**
**COWEB 49**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv* (EULEX KOSOVO) (EULEX KOSOVO/1/2026) |

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/ 1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin**
**Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv[*]**
**(EULEX KOSOVO) (EULEX KOSOVO/1/2026)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES ón gComhairle an 4 Feabhra 2008 maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv, (EULEX KOSOVO)[1], agus go háirithe Airteagal 12(2) de,

[*] Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/ 1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.
[1] IO L 42, 16.2.2008, lch. 92, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2008/124/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 12(2) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 10 Meitheamh 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/1187[2], lena gcuirtear síneadh le sainordú Giovanni Pietro BARBANO mar Cheann Misin EULEX KOSOVO ón 15 Meitheamh 2025 go dtí an 14 Meitheamh 2026.

(3) An 15 Aibreán 2026, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gcuirfí síneadh le sainordú Giovanni Pietro BARBANO mar Cheann Misin ar EULEX KOSOVO ón 15 Meitheamh 2026 go dtí an 25 Meitheamh 2026.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Cinneadh (CBES) 2025/1187 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 10 Meitheamh 2025 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) (EULEX KOSOVO/1/2025), (IO L, 2025/1187, 12.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1187/oj).

*Airteagal 1*

Cuirtear síneadh le sainordú Giovanni Pietro BARBANO mar Cheann Misin Mhisean Smachta Reatha an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) don tréimhse ón 15 Meitheamh 2026 go dtí 25 Meitheamh 2026.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*